



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

25 Eanáir 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Costais a bhaineann le Conradh iasachta morgáiste a chur ar bhonn foirmiúil – Aisíoc méideanna a íocadh faoi théarma a dearbhaíodh a bheith éagórach – Túsphointe na tréimhse teorann ar éileamh sibhialta ar aisíoc)

I gCásanna Uamtha C-810/21 go C-813/21,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Audiencia Provincial de Barcelona (an Chúirt Réigiúnach, Barcelona, an Spáinn), trí bhreitheanna an 9 Nollaig 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 20 Nollaig 2021, sna himeachtaí idir

Caixabank SA, ar a dtugtaí Bankia SA roimhe seo,

v

WE,

XA (C-810/21),

agus

Banco Bilbao Vizcaya Argentaria SA

v

TB,

UK (C-811/21),

agus

Banco Santander SA

v

OG (C-812/21),

agus

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

OK,

PI

v

Banco Sabadell SA (C-813/21),

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas, O. Spineanu-Matei, Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin (Rapóirtéir) agus L.S. Rossi, na Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. M. Collins,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

- Caixabank SA, ag J. Gutiérrez de Cabiedes Hidalgo de Caviedes, abogado,
- WE, XA, TB, UK, OG, OK agus PI, ag J. Fraile Mena, procurador, agus F. García Domínguez, abogado,
- Banco Bilbao Vizcaya Argentaria SA, ag J.M. Rodríguez Cárcamo agus A.M. Rodríguez Conde, abogados,
- Banco Santander SA, ag M. García-Villarrubia Bernabé agus C. Vendrell Cervantes, abogados,
- Banco Sabadell SA, ag G. Serrano Fenollosa agus R. Vallina Hoset, abogados,
- Rialtas na Spáinne, ag A. Ballesteros Panizo agus A. Pérez-Zurita Gutiérrez, i gcáil Gníomhairí,
- Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, agus ag G. Rocchitta, avvocato dello Stato,
- an Coimisiún Eorpach, ag J. Baquero Cruz agus N. Ruiz García, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29).

- 2 Rinneadh na hiarrataí in imeachtaí idir, i gCás C-810/21, Caixabank SA, ar a dtugtaí Bankia SA roimhe seo, ar thaobh amháin, agus WE agus XA, ar an taobh eile, i gCás C-811/21, Banco Bilbao Vizcaya Argentaria SA, ar thaobh amháin, agus TB agus UK, ar an taobh eile, i gCás C-812/21, Banco Santander SA, ar thaobh amháin, agus OG, ar an taobh eile, agus i gCás C-813/21, OK agus PI, ar thaobh amháin, agus Banco Sabadell SA, ar an taobh eile, maidir leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamhniú téarma éagóraigh atá i gcomhaontuithe iasachta morgáiste arna dtabhairt i gcrích idir na páirtithe sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

- 3 Sonraítear in Airteagal 2(b) de Threoir 93/13:

‘Chun críocha na Treorach seo:

...

- (b) ciallaíonn “tomhaltóir”: aon duine nádúrtha atá ag gníomhú, i gconarthaí a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun críoch atá lasmuigh de thrádáil, gnó nó gairm an duine sin’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 4 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 6(1) den Treoir sin:

‘Déanfaidh na Ballstáit foráil nach mbeidh téarmaí éagóracha a úsáidtear i gconradh arna chur i gcrích le tomhaltóir ag díoltóir nó ag soláthróir ina gceangal ar an tomhaltóir, amhail dá bhforáiltear faoina ndlí náisiúnta, agus go leanfaidh an conradh de bheith ina cheangal ar na páirtithe de réir na dtéarmaí sin más féidir leis leanúint de bheith ann gan na téarmaí éagóracha’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

- 5 Foráiltear le hAirteagal 7(1) den Treoir sin:

‘Áiritheoidh na Ballstáit, ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus na n-iomaitheoirí, gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun cosc a chur ar úsáid leanúnach a bhaint as téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí ag díoltóirí nó ag soláthróirí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Spáinne

Cód Sibhialta na Catalóine

- 6 Foráiltear le hAirteagal 121–20 de Ley 29/2002, primera Ley del Código Civil de Cataluña (Dlí 29/2002, an Chéad Dlí de Chód Sibhialta na Catalóine) an 30 Nollaig 2002 (BOE Uimh. 32 an 6 Feabhra 2003; ‘Cód Sibhialta na Catalóine’):

‘Cuirtear cosc ama ar éilimh de chineál ar bith tar éis 10 mbliana, mura bhfuil cearta faighte ag duine roimhe seo trí cheart chun úinéireachta nó má fhoráiltear a mhalairt leis an gCód seo nó le reachtaíocht shonrach.’

- 7 Foráiltear le hAirteagal 121-23 den chód sin:

‘Tosaíonn an tréimhse theorann a luaith a thagann an t-éileamh chun cinn agus a thiocfaidh sé chun bheith infheidhmithe, agus a luaith a bhíonn sealbhóir an éilimh ar an eolas, nó go bhféadfadh sé le réasún a bheith ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an éileamh agus faoin duine ar féidir é a thabhairt ina choinne.’

- 8 Faoi Airteagal 121–11 den chód sin:

‘Beidh an méid seo a leanas ina fhorais chun an tréimhse theorann a bhriseadh:

- (a) an chaingean a thabhairt os comhair na gcúirteanna, fiú má dhéantar í a dhíbhe ar bhonn fabht nós imeachta;
- (b) imeachtaí eadrána a bhaineann leis an éileamh a thionscnamh;
- (c) an t-éileamh a shaothrú lasmuigh den chúirt;
- (d) aitheantas ceart nó tarscaoileadh na teorann ag an duine a bhféadfar an t-éileamh a dhéanamh ina choinne le linn na tréimhse theorann.’

An Cód Sibhialta

- 9 Foráiltear le hAirteagal 1303 den Chód Sibhialta:

‘I gcás ina ndearbhófaí oibleagáid a bheith ar neamhní, ní mór do na páirtithe conarthacha aiseag a dhéanamh dá chéile i leith na nithe a bhí ina n-ábhar don chonradh, mar aon leis na torthaí air agus an praghas móide ús, ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear sna hAirteagail seo a leanas.’

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceistanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Cás C-810/21

- 10 An 4 Feabhra 2004, thug WE agus XA comhaontú iasachta morgáiste i gcrích (‘an comhaontú iasachta i gCás C-810/21’) le Bankia a rinneadh a chumasc, in 2021 le Caixabank.

- 11 An 4 Bealtaine 2004, d'íoc WE agus XA an sonrasc deireanach a bhain leis na muirir a d'eascair as an gcomhaontú sin, a bhain leis na táillí nótaireachta, clárúcháin agus riaracháin don chomhaontú sin.
- 12 An 16 Eanáir 2018, thionscain WE agus XA caingean chun téarma a bhí sa chomhaontú iasachta i gCás C-810/21 a neamhniú, inar cinneadh go raibh sé ar an iasachtaí na muirir go léir a d'eascair as tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin a íoc.
- 13 Chuir Bankia i gcoinne na caingne sin, ag áitiú go raibh cosc ama ar an gcaingean um aisíoc toisc go raibh an tréimhse theorann 10 mbliana chun caingean a thionscnamh faoi Airteagal 121-20 de Chód Sibhialta na Catalóine imithe in éag.
- 14 Le cinneadh an 23 Meán Fómhair 2020, dhiúltaigh an Juzgado de Primera Instancia nº 50 de Barcelona (an Chúirt Chéadchéime Uimh. 50, Barcelona, an Spáinn) don phléadáil teorann a d'ardaigh Bankia agus d'ordaigh sí don bhanc sin suim EUR 468.48 a íocadh i leith táillí nótaireachta, clárúcháin agus riaracháin don chomhaontú iasachta i gCás C-810/21 a íoc. Thug Bankia achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Audiencia Provincial de Barcelona (an Chúirt Chúige, Réigiúnach, an Spáinn), an chúirt a rinne an tarchur.

Cás C-811/21

- 15 An 20 Eanáir 2004, thug TB agus UK comhaontú iasachta morgáiste i gcrích ('an comhaontú iasachta i gCás C-811/21') le Banco Bilbao Vizcaya Argentaria.
- 16 An 15 Márta 2004, d'íoc TB agus UK an sonrasc deireanach a bhain leis na muirir a d'eascair as an gcomhaontú sin, a bhain leis na táillí nótaireachta, clárúcháin agus riaracháin don chomhaontú sin.
- 17 An 16 Eanáir 2018, thionscain TB agus UK caingean chun téarma a bhí sa chomhaontú iasachta i gCás C-811/21 a neamhniú, inar cinneadh go raibh sé ar an iasachtaí na muirir go léir a d'eascair as tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin a íoc.
- 18 Chuir Banco Bilbao Vizcaya Argentaria i gcoinne na caingne sin, ag áitiú go raibh cosc ama ar an gcaingean um aisíoc toisc go raibh an tréimhse theorann 10 mbliana chun caingean a thionscnamh faoi Airteagal 121-20 de Chód Sibhialta na Catalóine imithe in éag.
- 19 Le cinneadh an 25 Meán Fómhair 2020, dhiúltaigh an Juzgado de Primera Instancia nº 50 de Barcelona (an Chúirt Chéadchéime Uimh. 50, Barcelona) don phléadáil teorann a d'ardaigh Banco Bilbao Vizcaya Argentaria agus d'ordaigh sí don bhanc sin suim EUR 499.61 a íocadh i leith táillí nótaireachta, clárúcháin agus riaracháin don chomhaontú iasachta i gCás C-811/21 a íoc. Thug Banco Bilbao Vizcaya Argentaria achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Audiencia Provincial de Barcelona (an Chúirt Chúige Réigiúnach, Barcelona), an chúirt a rinne an tarchur.

Cás C-812/21

- 20 An 17 Nollaig 2004, thug OG comhaontú iasachta morgáiste i gcrích ('an comhaontú iasachta i gCás C-812/21') le Banco Santander.

- 21 An 18 Márta 2005, d'íoc OG an sonrasc deireanach a bhain leis na muirir a d'eascair as an gcomhaontú sin, a bhain leis na táillí nótaireachta, clárúcháin agus riaracháin don chomhaontú sin.
- 22 An 12 Meán Fómhair 2017, thionscain OG caingean chun téarma a bhí sa chomhaontú iasachta i gCás C-812/21 a neamhniú, inar cinneadh go raibh sé ar an iasachtaí na muirir go léir a d'eascair as tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin a íoc.
- 23 Chuir Banco Santander i gcoinne na caingne sin, ag áitiú go raibh cosc ama ar an gcaingean um aisíoc toisc go raibh an tréimhse theorann 10 mbliana chun caingean a thionscnamh faoi Airteagal 121–20 de Chód Sibhialta na Catalóine imithe in éag.
- 24 Le cinneadh an 25 Meán Fómhair 2020, dhiúltaigh an Juzgado de Primera Instancia nº 50 de Barcelona (an Chúirt Chéadchéime Uimh. 50, Barcelona) don phléadáil teorann a d'ardaigh Banco Santander agus d'ordaigh sí don bhanc sin suim EUR 589.60 a íocadh i leith táillí nótaireachta, clárúcháin agus riaracháin don chomhaontú iasachta i gCás C-812/21 a íoc. Thug Banco Santander achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Audiencia Provincial de Barcelona (an Chúirt Chúige Réigiúnach, Barcelona), an chúirt a rinne an tarchur.

Cás C-813/21

- 25 An 14 Iúil 2006, thug OK agus PI comhaontú iasachta morgáiste i gcrích ('an comhaontú iasachta i gCás C-813/21') le Banco Sabadell.
- 26 An 4 Deireadh Fómhair 2006, d'íoc OK agus PI an sonrasc deireanach a bhain leis na muirir a d'eascair as an gcomhaontú sin, a bhain leis na táillí nótaireachta, clárúcháin agus riaracháin don chomhaontú sin.
- 27 Tar éis éileamh lasmuigh den chúirt a thaisceadh, an 15 Samhain 2017, i gcoinne Banco Sabadell, nár ghlac an banc sin leis, thionscain OK agus PI, an 15 Nollaig 2017, caingean chun téarma a bhí sa chomhaontú iasachta i gCás C-813/21 a neamhniú, inar cinneadh go raibh sé ar an iasachtaí na muirir go léir a d'eascair as tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin a íoc.
- 28 Chuir Banco Sabadell i gcoinne na caingne sin, ag áitiú go raibh cosc ama ar an gcaingean um aisíoc toisc go raibh an tréimhse theorann 10 mbliana chun caingean a thionscnamh faoi Airteagal 121–20 de Chód Sibhialta na Catalóine imithe in éag.
- 29 Le cinneadh an 11 Eanáir 2021, sheas an Juzgado de Primera Instancia nº 50 de Barcelona (an Chúirt Chéadchéime Uimh. 50, Barcelona) leis an agóid, a d'ardaigh Banco Sabadell, go raibh cosc ama ar an gcaingean um aisíoc. Thug OK agus PI achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Audiencia Provincial de Barcelona (an Chúirt Chúige Réigiúnach, Barcelona), an chúirt a rinne an tarchur.
- 30 Tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur i gCásanna Uamtha C-810/21 go C-813/21 do chásdlí na Cúirte Breithiúnais, ar dá réir a fhéadfaidh caingean um aisíoc a bheith faoi réir tréimhse theorann, ar choinníoll nach bhfágann túsphointe agus ré na tréimhse sin é dodhéanta nó ródheacair go praiticiúil don tomhaltóir a cheart nó a ceart chun aisíocaíocht a lorg a fheidhmiú.

- 31 Measann an chúirt a rinne an tarchur, chun a chinneadh an bhfuil tréimhse theorann ag teacht le prionsabal na héifeachtachta, nach mór dhá fhachtóir a chur san áireamh, eadhon, ar an gcéad dul síos, fad na tréimhse theorann agus, ar an dara dul síos, túsphointe na tréimhse sin.
- 32 Chuige sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil a reachtaíocht féin ag Comhphobal Uathrialach na Catalóine a imíonn, ar bhealaí áirithe, ó reachtaíocht na Spáinne agus go socraítear le Cód Sibhialta na Catalóine tréimhse theorann 10 mbliana, atá dhá uair chomh fada leis an tréimhse theorann a leagtar síos i gCód Sibhialta na Spáinne maidir le caingne pearsanta.
- 33 I ndáil leis sin, measann sí, sa chás seo, nach sáraítear prionsabal na héifeachtachta leis an tréimhse theorann 10 mbliana atá i gceist sna príomhimeachtaí, ós rud é gur leor an tréimhse sin chun go bhféadfaidh an tomhaltóir beart éifeachtach a ullmhú agus a thabhairt. Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt sin maidir le léiriú ceart an dlí náisiúnta maidir le túsphointe na tréimhse sin a chinneadh, nach mór, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, a chur ar chumas an tomhaltóra a bheith ar an eolas go bhfuil téarma éagórach ann agus caingean a thionscnamh le haghaidh dearbhú go bhfuil an téarma sin neamhbhailí.
- 34 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, murab ionann agus na téarmaí conarthacha a raibh leis ag an gCúirt Bhreithiúnais cheana féin a scrúdú i gcásanna os a comhair, go ndéantar éifeachtaí de théarma amhail na téarmaí atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena bhforchuirtear na muirir go léir as an gcomhaontú iasachta morgáiste a thabhairt i gcrích ar an iasachtaí, a ídiú nuair a íocann an tomhaltóir an sonrasc deiridh a bhaineann leis na muirir sin. Measann an chúirt sin nach féidir sa chás seo feidhm a bheith ag cásdlí na Cúirte Breithiúnais, ar dá réir a d'fhéadfadh tréimhse 3 bliana ón dáta a bhféadfaidh an saibhriú éagórach é a dhéanamh ródheacair na cearta a thugtar le Treoir 93/13 a fheidhmiú. Measann sí, chuige sin, go bhfuil an cásdlí sin bunaithe ar an bhfíoras go bhféadfaidh an tréimhse theorann tosú fiú sula mbeidh na híocaíochtaí go léir déanta.
- 35 Ina theannta sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá le heolas an tomhaltóra ar éagothroime téarma chonarthaigh a bheith bainteach le gnéithe fíorasacha na héagothroime sin amháin nó an gá le measúnú dlíthiúil ar na fíorais sin a bheith i gceist leis an eolas sin freisin. Measann an chúirt sin, cé gur gá go mbaineann an t-eolas sin leis na gnéithe fíorasacha sin amháin, go bhféadfadh dáta íocaíochta an tsonraisc dheireanaigh a bheith mar an túsphointe don tréimhse theorann, ag tabhairt dá haire, sa chás seo, gur ídíodh éifeachtaí an chlásail atá i gceist sna príomhimeachtaí leis an íocaíocht sin.
- 36 Mar sin féin, cé go gceanglaítear le comhlíonadh phrionsabal na héifeachtachta go mbeadh an tomhaltóir ábalta measúnú dlíthiúil a dhéanamh ar na fíorais sin, bheadh gá fós lena chinneadh, chun na críche sin, an fhaisnéis nach mór a chur ar fáil don ghnáth-thomhaltóir. Chuige sin, tar éis chásdlí an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn) a leagan amach, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh cásdlí náisiúnta seanbhunaithe a chur ar chumas thomhaltóir na Spáinne a bheith ar an eolas, ó thaobh an dlí de, faoi nádúr éagórach téarma chonarthaigh.
- 37 Ar deireadh, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gá eolas a bheith faighte ar nádúr éagórach téarma sula gcuirtear tús leis an tréimhse theorann, i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, nó sula rachaidh sí in éag. Chuige sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, murab ionann agus an tréimhse theorann 5 bliana atá leagtha síos i gCód Sibhialta na Spáinne, go ndéantar an tréimhse theorann a shíneadh go 10 mbliana laistigh de raon feidhme críochach Chód Sibhialta na Catalóine agus, ar an dara dul síos, go bhfuiltear i bhfabhar caingean a

thionscnamh sa dlíchóras náisiúnta, a mhéid gurb ionann éileamh lasmuigh den chúirt agus fíoras chun an tréimhse theorann a bhriseadh agus a bheith ina chúis le tús nua a chur leis an tréimhse iomlán.

- 38 Sna himthosca sin, chinn an Audiencia Provincial de Barcelona (an Chúirt Réigiúnach, Barcelona) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:

- ‘(1) (a) Maidir le caingean a shaothrú chun na héifeachtaí d’aisíoc a fhorghníomhú de dhearbhu ar théarma a chur ar neamhní faoina gceanglaítear ar an iasachtaí na muirir a íoc as an gconradh a chur ar bhonn foirmiúil, an bhfuil sé comhoiriúnach le hAirteagal 6(1) agus le hAirteagal 7(1) de Threoir 93/13 tionscnamh na caingne a chur faoi réir thréimhse t[h]eorann 10 mbliana a thosaíonn ón nóiméad a idítear leis an téarma sin a éifeachtaí nuair a íoctar an íocaíocht dheireanach, an pointe a dtagann an tomhaltóir ar an eolas faoi na fíorais lena suitear go bhfuil [an clásal sin] éagórach, nó an bhfuil sé riachtanach go mbeadh faisnéis bhreise ag an tomhaltóir maidir le measúnú dlíthiúil ar na fíorais?
- (b) Más gá eolas a bheith ag an tomhaltóir ar mheasúnú dlíthiúil na bhfíoras, an gá go gcuirfí tús na tréimhse theorann faoi réir cásdlí socair a bhaineann le neamhniú an téarma nó an bhféadfaidh an chúirt náisiúnta imthosca éagsúla eile a chur san áireamh?
- (2) Ós rud é go bhfuil an chaingean ar aisíoc faoi réir t[h]réimhse t[h]eorann f[h]ada 10 mbliana, cén pointe a chaithfidh an tomhaltóir a bheith ábalta a bheith feasach ar éagothroime an téarma agus ar na cearta a thugtar dó nó di faoi Threoir 93/13 – sula dtosaíonn an tréimhse t[h]eorann ar siúl nó sula rachaidh an tréimhse sin in éag?’

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear

- 39 Mar réamhphointe, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil dhá chuid sa chéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus nach gá an dara cuid den cheist sin a fhreagairt ach amháin sa chás go dtugtar freagra diúltach ar an gcéad chuid den cheist sin.
- 40 Ina theannta sin, is gá an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a scrúdú i gcomhar leis an gcéad chuid den chéad cheist.

An chéad chuid den chéad cheist agus an dara ceist

- 41 Leis an gcéad chuid den chéad cheist agus leis an dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta, a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go gcuirtear cosc ar léiriú breithiúnach ar an dlí náisiúnta ar dá réir, tar éis téarma conarthach éagórach a chur ar neamhní lena bhforchuirtear ar an tomhaltóir na costais a bhaineann le comhaontú iasachta morgáiste a thabhairt i gcrích, go bhfuil éileamh sibhialta ar aisíoc a bhaineann le costais den sórt sin faoi réir thréimhse theorann 10 mbliana a thosaíonn ón nóiméad a idítear leis an gclásal seo a éifeachtaí nuair a íoctar an íocaíocht dheireanach a bhaineann leis na costais sin, gan é a mheas a bheith ábhartha ina leith go bhfuil an tomhaltóir ar an eolas faoin measúnú dlíthiúil ar chomhábhair de chineál éagórach den téarma sin, agus, más amhlaidh, an gá na forálacha sin a léiriú sa chaoi a gciallaíonn nach mór an t-eolas sin a fháil sula dtéann an tréimhse theorann in éag nó sula rachaidh sé in éag.

- 42 Ba cheart a mheabhrú, in éagmais rialacha AE ar an ábhar, go bhfuil sé faoi dhlíchóras náisiúnta gach Ballstáit rialacha nós imeachta a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais nós imeachta, le haghaidh gníomhartha a bheartaítear chun na cearta a fhaigheann daoine aonair ó dhlí an Aontais a chosaint, ar choinníoll, áfach, nach lú fabhar iad na rialacha sin i gcomparáid leis na rialacha lena rialaítear gníomhartha comhchosúla intíre (prionsabal na coibhéise) agus, nach bhfágann siad go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair i gcleachtas na cearta arna dtabhairt le dlí a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (breithiúnas an 22 Aibreán 2021, *Profi Credit Slovakia*, C-485/19, EU:C:2021:313, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 43 Maidir le tréimhse teorann a chur i bhfeidhm ar éileamh arna thionscnamh ag tomhaltóir ar aisíocaíocht suimeanna a íocadh ach nach bhfuil dlite, bunaithe ar chineál éagórach téarma chonarthaigh, chun críocha Threoir 93/13, ba cheart a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt roimhe seo nach gcuirtear bac le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) den Treoir sin ar reachtaíocht náisiúnta, agus foráil á déanamh ag an am céanna nach bhfuil caingean ar dhearbhu ar théarma i gconradh a chur ar neamhní arna thabhairt i gcrích idir díoltóir nó soláthraí agus tomhaltóir faoi réir teorainn ama, lena gcuirtear an chaingean faoi réir éifeachtaí d'aisíoc an chinnidh sin a fhorghníomhú go ceann tréimhse teorann, ar choinníoll go n-urramaítear prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta (breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *BNP Paribas Personal Finance*, C-776/19 go C-782/19, EU:C:2021:470, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 44 Ní mór a chinneadh dá bhrí sin, nach bhfuil forchur tréimhse teorann ar éilimh ar aisíocaíocht arna dtionscnamh ag tomhaltóirí d'fhonn cearta a dhíorthaíonn siad ó Threoir 93/13 a fhorghníomhú, ann féin, contrártha le prionsabal na héifeachtachta, ar choinníoll nach bhfágann a chur i bhfeidhm go mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair i gcleachtas na cearta arna dtabhairt leis an Treoir sin a fheidhmiú (breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *BNP Paribas Personal Finance*, C-776/19 go C-782/19, EU:C:2021:470, mír 40).
- 45 Maidir, go háirithe, le prionsabal na héifeachtachta, ba cheart a thabhairt faoi deara nach mór anailís a dhéanamh ar gach cás ina n-eascraíonn an cheist i dtaobh an bhfágann foráil nós imeachta náisiúnta go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i bhfianaise ról na forála sin sna himeachtaí ina n-iomláine, an chaoi ina seoltar iad agus a ngnéithe sonracha, os comhair na n-údarás éagsúil náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, na prionsabail atá mar bhunús leis an dlíchóras náisiúnta, amhail cearta na cosanta a chosaint, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus seoladh cuí na n-imeachtaí (breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2022, *D.B.P. agus páirtithe eile (Iasachtaí morgáiste arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach)*, C-80/21 go C-82/21, EU:C:2022:646, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 46 Maidir leis an anailís ar shaintréithe na tréimhse teorann atá i gceist sna príomhimeachtaí, tá sé sonraithe ag an gCúirt nach mór don anailís sin fad na tréimhse teorann agus na rialacha mionsonraithe maidir lena gcur i bhfeidhm a chumhdach, lena n-áirítear an sásra arna ghlacadh chun tús a chur leis an tréimhse (breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *BNP Paribas Personal Finance*, C-776/19 go C-782/19, EU:C:2021:470, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 47 Chuige sin, chun go measfar é a bheith comhoiriúnach le prionsabal na héifeachtachta, ní mór tréimhse teorann a bheith leordhóthanach i dtéarmaí praiticiúla chun a chumasú do thomhaltóir caingean éifeachtach a ullmhú agus a thionscnamh chun na cearta a dhíorthaíonn sé nó sí ó Threoir 93/13 a fhorghníomhú, i bhfoirm, *inter alia*, éilimh ar aisíocaíocht bunaithe ar

éagthroime téarma chonarthaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meitheamh, 2021, *BNP Paribas Personal Finance*, C-776/19 go C-782/19, EU:C:2021:470, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 48 Dá bhrí sin, maidir le túsphointe tréimhse teorann, ní fhéadfaidh tréimhse den sórt sin a bheith comhoiriúnach le prionsabal na héifeachtachta ach amháin má bhí an deis ag an tomhaltóir teacht ar an eolas faoina chearta nó faoina cearta sula dtosaíonn an tréimhse sin nó sula rachaidh an tréimhse sin in éag (breithiúnas an 10 Meitheamh 2021, *BNP Paribas Personal Finance*, C-776/19 go C-782/19, EU:C:2021:470, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 49 Sa chás seo, is léir ón gcomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte nach gceanglaítear le léiriú breithiúnach ar na rialacha nós imeachta náisiúnta is infheidhme sna príomhimeachtaí, beag beann ar an bhfíoras go bhforáiltear leis na rialacha sin nach dtosóidh an tréimhse teorann le haghaidh caingean arna tionscnamh ag an tomhaltóir chun íocaíochtaí neamhdhlite de mhuirir a bhaineann le comhaontuithe iasachta morgáiste, de thréimhse 10 mbliana, a aisíoc, go dtí go mbeidh an tomhaltóir ar an eolas faoi na fíorais arb ionann iad agus cineál éagórach an téarma chonarthaigh i bhfeidhmíocht a ndearnadh na híocaíochtaí sin ina leith, go mbeadh an tomhaltóir ar an eolas ní hamháin faoi na fíorais sin, ach freisin faoin measúnú dlíthiúil ar na fíorais sin, a thugann le tuiscint go bhfuil an tomhaltóir sin ar an eolas freisin faoi na cearta a dhíorthaíonn sé nó sí ó Threoir 93/13.
- 50 Mar sin féin, chun go gcomhlíonfar prionsabal na héifeachtachta leis na rialacha mionsonraithe maidir le tréimhse teorann, ní leor go bhforálfaí leis na rialacha sin go gcaithfidh an tomhaltóir a bheith ar an eolas faoi na fíorais arb ionann iad agus cineál éagórach téarma chonarthaigh, gan aird a thabhairt, ar an gcéad dul síos, d'eolas an tomhaltóra sin ar na cearta a dhíorthaíonn sé ó Threoir 93/13 agus, ar an dara dul síos, nach mór do dhóthain ama a bheith ag an tomhaltóir chun a chur ar a chumas nó a cumas caingean a ullmhú agus a thionscnamh d'fhonn na cearta sin a fheidhmiú.
- 51 Dá bhrí sin, níl tréimhse teorann amhail an tréimhse teorann don chaingean ar aisíoc na muirear morgáiste atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta i gcás nach gcuirtear an dá fhachtóir sin san áireamh sna rialacha mionsonraithe maidir lena chur i bhfeidhm.
- 52 Maidir leis an gceist an gcaithfidh an tomhaltóir a bheith ar an eolas faoi chineál éagórach téarma chonarthaigh agus faoina chearta nó faoina cearta faoi Threoir 93/13 roimh thús na tréimhse teorann le haghaidh caingean aisíocaíochta nó roimh dheireadh na tréimhse sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh an coinníoll, dá dtagraítear i mír 48 thuas, go bhféadfaidh tréimhse teorann a bheith ag lúí le prionsabal na héifeachtachta ach amháin más rud é go raibh an deis ag an tomhaltóir dul in éag, sular tháinig deireadh leis na cearta sin, nó gur tháinig sé nó sí chun bheith feasach ar na cearta sin roimh dhul in éag chásdlí na Cúirte chun scrúdú a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, ar chomhoiriúnacht tréimhse teorann sonraí, mar aon leis na rialacha mionsonraithe maidir lena cur i bhfeidhm atá leagtha síos sa dlí náisiúnta lena mbaineann, le prionsabal na héifeachtachta.
- 53 Mar is léir ó mhíreanna 45 go 47 thuas, nuair a léiríonn an Chúirt Bhreithiúnais dlí an Aontais chun treoir úsáideach a sholáthar don chúirt a rinne an tarchur chun go bhféadfaidh sí measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht rialach nós imeachta náisiúnta le prionsabal na héifeachtachta,

cuireann sí san áireamh gach gné ábhartha den dlíchóras náisiúnta a chuir an chúirt a rinne an tarchur faoina bráid, agus ní riail amháin a bhaineann le gné amháin den tréimhse theorann atá i gceist, arna breithniú ina haonar.

- 54 Mar sin, d'fhéadfadh riail náisiúnta ar dá réir nach féidir tús a chur le tréimhse theorann go dtí go mbeidh a fhios ag tomhaltóir faoi chineál éagórach téarma chonarthaigh agus faoi na cearta a dhíorthaíonn sé nó sí ó Threoir 93/13, ar dealraitheach *a priori* a bheith i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta, mar sin féin an prionsabal sin a shárú más rud é nach leor fad na tréimhse sin i dtéarmaí praiticiúla chun a chur ar chumas an tomhaltóra caingean éifeachtach ullmhú agus a thionscnamh d'fhonn a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoin Treoir sin.
- 55 I bhfianaise an mhéid sin go léir thuas, is é an freagra ar an gcéad chuid den chéad cheist agus ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta, a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go gcuirtear cosc ar léiriú breithiúnach ar an dlí náisiúnta ar dá réir, tar éis téarma conarthach éagórach a chur ar neamhní lena bhforchuirtear ar an tomhaltóir na costais a bhaineann le comhaontú iasachta morgáiste a thabhairt i gcrích, go bhfuil éileamh sibhialta ar aisíoc a bhaineann le costais den sórt sin faoi réir thréimhse theorann 10 mbliana a thosaíonn ón nóiméad a idítear leis an gclásal seo a éifeachtaí nuair a íoctar an íocaíocht dheireanach a bhaineann leis na costais sin, gan é a mheas a bheith ábhartha ina leith go bhfuil an tomhaltóir ar an eolas faoin measúnú dlíthiúil ar na fíorais sin. Ní mór measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na rialacha mionsonraithe maidir le tréimhse theorann a chur i bhfeidhm leis na forálacha sin i bhfianaise na rialacha sin ina n-iomláine.

An dara cuid den chéad cheist

- 56 Leis an dara cuid den chéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Treoir 93/13 a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go gcuirtear cosc ar léiriú breithiúnach ar an dlí náisiúnta ar dá réir, chun túsphointe na tréimhse teorann a chinneadh do chaingean an tomhaltóra chun suimeanna a íocadh go míchuí faoi théarma conarthach éagórach a aisíoc, go bhféadfar a mheas mar gheall ar chásdlí náisiúnta seanbhunaithe maidir le neamhbhailíocht téarmaí comhchosúla lena mbunaítear go bhfuil an coinníoll a bhaineann leis an tomhaltóir lena mbaineann a bheith ar an eolas faoi chineál éagórach an téarma sin agus na hiarmhairtí dlíthiúla a ghabhann leis comhlíonta.
- 57 Chuige sin, sa chéad áit, ba cheart a mheabhrú go bhfuil an córas cosanta a tugadh isteach le Treoir 93/13 bunaithe ar an mbonn go bhfuil seasamh lag ag an tomhaltóir i leith an díoltóra nó an tsoláthróra maidir lena chumhacht margála agus leibhéal na faisnéise araon, cás a fhágann go gcloífidh an tomhaltóir le téarmaí arna dtarraingt suas roimh ré ag an díoltóir nó ag an soláthraí gan bheith in ann tionchar a imirt ar inneachar na dtéarmaí agus na gcoinníollacha sin (breithiúnas an 30 Aibreán 2014, *Kásler agus Káslerné Rábai*, C-26/13, EU:C:2014:282, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 58 Sa dara háit, leanann seasamh faoi phribhléid an díoltóra nó an tsoláthraí maidir leis an leibhéal faisnéise atá ar fáil dó de bheith i réim tar éis an conradh a bheith tugtha i gcrích. Mar sin, i gcás ina mbeidh cineál éagórach téarmaí caighdeánacha áirithe bunaithe le cásdlí náisiúnta socair, féadfar a bheith ag súil go bhfuil an méid sin in iúl curtha d'institiúidí baincéireachta agus go ngníomhóidh siad dá réir (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Iúil 2023, *CAJASUR Banco*, C-35/22, EU:C:2023:569, mír 32).

- 59 Ní féidir a thoimhdiú, áfach, go n-áirítear le leibhéal faisnéise an tomhaltóra, atá níos ísle ná leibhéal an díoltóra nó an tsoláthraí, eolas ar chásdlí náisiúnta ar dhlí na dtomhaltóirí, fiú má tá an cásdlí sin seanbhunaithe.
- 60 Chuige sin, ba cheart a mheabhrú gur léir ó fhocláíocht Airteagal 2(b) de Threoir 93/13 go mbraitheann an chosaint a thugtar leis an Treoir sin ar na críocha a bhfuil duine nádúrtha ag gníomhú chucu, is é sin le rá, na críocha atá lasmuigh dá thrádáil nó dá trádáil, dá ghnó nó dá gnó nó dá ghairm nó dá gairm. Cé go bhféadfaí go gceanglófaí ar dhíoltóirí nó ar sholáthraithe iad féin a choinneáil ar an eolas faoi ábhair dhlíthiúla a bhaineann leis na téarmaí a ghlacann siad ar a thionscnamh a chur isteach i gconarthaí a thugann siad i gcrích le tomhaltóirí le linn gnáthghníomhaíocht tráchtála, go háirithe i bhfianaise cásdlí náisiúnta a bhaineann le téarmaí den sórt sin, ní féidir a bheith ag súil le dearcadh comhchosúil ó thomhaltóirí, i bhfianaise nádúr ócaídeach, nó fiú eisceachtúil, conradh a thabhairt i gcrích ina bhfuil téarma den sórt sin.
- 61 I bhfianaise an mhéid sin go léir thuas, is é an freagra ar an dara cuid den chéad cheist ná nach mór Treoir 93/13 a léiriú sa chaoi a gciallaíonn go gcuirtear cosc ar léiriú breithiúnach ar an dlí náisiúnta ar dá réir, chun túsphointe na tréimhse teorann a chinneadh do chaingean an tomhaltóra chun suimeanna a íocadh go míchuí faoi théarma conarthach éagórach a aisíoc, go bhféadfar a mheas mar gheall ar chásdlí náisiúnta seanbhunaithe maidir le neamhbhailíocht téarmaí comhchosúla lena mbunaítear go bhfuil an coinníoll a bhaineann leis an tomhaltóir lena mbaineann a bheith ar an eolas faoi chineál éagórach an téarma sin agus na hiarmhairtí dlíthiúla a ghabhann leis comhlíonta.

Costais

- 62 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

- 1. Maidir le hAirteagal 6(1) agus Airteagal 7(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na héifeachtachta,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go gcuirtear cosc ar léiriú breithiúnach ar an dlí náisiúnta ar dá réir, tar éis téarma conarthach éagórach a chur ar neamhní lena bhforchuirtear ar an tomhaltóir na costais a bhaineann le comhaontú iasachta morgáiste a thabhairt i gcrích, go bhfuil éileamh sibhialta ar aisíoc a bhaineann le costais den sórt sin faoi réir thréimhse theorann 10 mbliana a thosaíonn ón nóiméad a idítear leis an gclásal seo a éifeachtaí nuair a íoctar an íocaíocht dheireanach a bhaineann leis na costais sin, gan é a mheas ábhartha ina leith go bhfuil an tomhaltóir ar an eolas faoin measúnú dlíthiúil ar na fíricí sin. Ní mór measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na rialacha mionsonraithe maidir le tréimhse theorann a chur i bhfeidhm leis na forálacha sin i bhfianaise na rialacha sin ina n-iomláine.

2. Maidir le Treoir 93/13

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

go gcuirtear cosc ar léiriú breithiúnach ar an dlí náisiúnta ar dá réir, chun túsphointe na tréimhse teorann a chinneadh do chaingean an tomhaltóra chun suimeanna a íocadh go míchuí faoi théarma conarthach éagórach a aisíoc, go bhféadfar a mheas mar gheall ar chásdlí náisiúnta seanbhunaithe maidir le neamhbhailíocht téarmaí comhchosúla lena mbunaítear go bhfuil an coinníoll a bhaineann leis an tomhaltóir lena mbaineann a bheith ar an eolas faoi chineál éagórach an téarma sin agus na n-iarmhairtí dlíthiúla a ghabhann leis comhlíonta.

[Sínithe]